Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Márta 2021**
**(OR. en, fr)**

**6941/21**
**ADD 1**

**ENV 145**
**CHIMIE 33**
**COMPET 170**
**IND 59**
**PHARM 39**
**AGRI 130**
**RECH 98**
**ECOFIN 234**
**ECO 37**
**SOC 138**
**SAN 139**
**CONSOM 61**
**MI 157**
**ENT 48**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Márta 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6695/21 + COR 1 (bg) |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11976/20 + ADD 1 - COM(2020) 667 final |
| Ábhar: | Straitéis Ceimiceán Inbhuanaithe an Aontais: Déanaimis beart de réir briathair<br>- Conclúidí ón gComhairle<br>= Ráiteas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráiteas ón mBeilg maidir leis na conclúidí thuasluaite ón gComhairle, a formheasadh tríd an nós imeachta i scríbhinn an 15 Márta 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**RÁITEAS ÓN mBEILG**

Is díol sásaimh don Bheilg glacadh na gconclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis Ceimiceán don Inbhuaine agus gabhaimid buíochas le hUachtaránacht na Portaingéile as an obair a rinneadh chun an cuspóir tábhachtach sin a bhaint amach.

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh treoirlínte ar fáil lena áirithiú go gcuirfear an Straitéis Ceimiceán chun feidhme go héifeachtach agus go tráthúil agus go seolfaí teachtaireacht láidir pholaitiúil laistigh agus lasmuigh den Aontas faoinár dtoilteanas agus ár dtiomantas i ndáil le hardleibhéal cosanta don chomhshaol agus do shláinte an duine a bhaint amach, go háirithe i ndáil le cosaint na ngrúpaí leochaileacha sa phobal.

Mar sin féin, is oth linn an easpa treoirlínte maidir le táirgeadh ceimiceán díobhálach chun críocha onnmhairithe amháin d'ainneoin nach n-údaraítear iad siúd a thuilleadh laistigh den Aontas. Tá an deis seo á tapú ag an mBeilg chun tacú go hiomlán leis an uaillmhian a d'fhógair an Coimisiún i dtaca leis an ábhar seo. I ndáiríre, chomh maith le díreach fógra polaitiúil a bheith i gceist anseo, leagaimid béim ar chineál eiticiúil an bhirt seo go bunúsach agus coinneoimid súil ghéar ar an dul chun cinn a dhéanfar ina leith.

Is oth linn freisin nach dtagraítear d'infhaighteacht roghanna malartacha ar shubstaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile. Athdhearbhaímid, dá bhrí sin, ár dtacaíocht don chosc orthu, seachas le haghaidh úsáidí sonracha ar cruthaíodh ina leith go bhfuil siad riachtanach don tsochaí agus a fhad is nach ann d'aon roghanna malartacha.

Ar deireadh, athdhearbhaímid gur spéis leis an mBeilg faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise seo. Glacfaimid páirt ghníomhach sna fóraim phlé go léir agus beimid rannpháirteach sna gníomhaíochtaí go léir arb é is aidhm leo cuspóir na hinbhuaine agus na slándála a bhaint amach i réimse na gceimiceán agus timpeallacht atá saor ó thocsainí a ráthú.